Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2022
(OR. en)

15831/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0340(NLE)**

**SCH-EVAL 192
MIGR 406
COMIX 608**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15522/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an t**Sualainn** ar *acquis* Schengen i réimse an **fhillte** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, téacs cinnidh cur chun feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Nollaig 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**IARSCRÍBHINN**

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an tSualainn ar *acquis* Schengen i réimse an fhillte**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[1], agus go háirithe Airteagal 31(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[2], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

1 *IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27*
2 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an fhillte i ndáil leis an tSualainn ón 3 go dtí an 9 Aibreán 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 4780 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Foráiltear le hAirteagal 31(3) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm acquis Schengen a fhíorú, i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, go ndéanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 agus go háirithe Airteagal 15 de.

(3) Tugann an tSualainn aird ar leith ar a áirithiú go gcaitear le daoine faoi choinneáil ar bhealach daonnachtúil agus díniteach, rud a measadh a bheith ina ábhar spéise ar leith.

(4) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá le déanamh ag an tSualainn chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe Treoir 2008/115/CE, ba cheart tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 1, 2, 3, 7 agus 9 thíos.

(5) Chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na Treorach um Fhilleadh a áirithiú, de réir chásdlí ábhartha na Cúirte Breithiúnais, tá an plé tiomnaithe sa Ghrúpa Teagmhála don Treoir um Fhilleadh le tacú le cur chun feidhme Mholadh 1. Ba cheart an soiléiriú sin ar léirmhíniú an mholta sin a bheith gan dochar do chur chun feidhme na moltaí [eile] ón gComhairle lena dtugtar aghaidh ar easnaimh a sainaithníodh sna meastóireachtaí a dhéantar de bhun Rialachán Uimh. 1053/2013 ón gComhairle.

(6) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don tSualainn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas a chur chun feidhme, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don tSualainn an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. a lua, sna cinntí uile um fhilleadh a eisítear do náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, go bhfuil sé d'oibleagáid orthu críoch gach stát i limistéar Schengen a fhágáil chun tríú tír ar leith a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagail 3(3) agus 3(4) de Threoir 2008/115/CE; bearta a dhéanamh chun a áirithiú, i gcás nár sonraíodh an tríú tír a mbeifear ag filleadh uirthi sa chinneadh um fhilleadh toisc nach féidir ceann a shainaithint i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an gcleachtas dlí náisiúnta, go n-urramófar prionsabal an *non-refoulement*;

2. na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhforchuirfear i gcinntí um fhilleadh a eisítear chuig náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach an oibleagáid limistéar AE/Schengen a fhágáil agus filleadh ar cheann de na tríú tíortha a shainítear in Airteagal 3(3) de Threoir 2008/115/CE;

3. an cleachtas cur chun feidhme a leasú chun a áirithiú go dtabharfar éifeacht uile-AE/Schengen do thoirmisc ar theacht isteach a eisítear i ndáil le cinntí um fhilleadh, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar thoirmeasc ar theacht isteach a leagtar amach in Airteagal 3(6) de Threoir 2008/115/CE;

4. a áirithiú nach mbeidh teorainn ama le bailíocht na gcinntí um fhilleadh;

5. feabhas a chur ar idir-inoibritheacht na gcóras bainistithe cásanna a úsáideann na húdaráis a bhfuil baint acu leis an bpróiseas aistrithe;

6. na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go dtabharfar fógra faoi na cinntí um fhilleadh ina leith do gach náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, fiú i gcás éalú, ionas go dtiocfaidh na cinntí um fhilleadh i bhfeidhm gan mhoill;

7. an reachtaíocht náisiúnta a leasú chun a áirithiú go ndéanfar fad an toirmisc ar theacht isteach a chinneadh tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar gach cás i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Threoir 2008/115/CE;

8. na rialacha cur chun feidhme agus an cleachtas a leasú chun a áirithiú go ndéanfar an choinneáil roimh aistriú, lena n-áirítear i gcás náisiúnaigh ionsaitheacha tríú tíortha, go ndéanfar an choinneáil sin i saoráidí speisialaithe coinneála mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(1) de Threoir 2008/115/CE;

9. éifeachtacht an chórais faireacháin ar fhilleadh éigeantach a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 8(6) de Threoir 2008/115/CE trí neamhspleáchas iomlán an chomhlachta faireacháin a ráthú; déine an fhaireacháin ar an bhfilleadh éigeantach a mhéadú agus sásra aiseolais éifeachtach a chur ar bun.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*